



1 Iúil 2020

Ag tacú le scoileanna agus iad ag pleanáil d'athoscailt don scoilbhliain 2020/21

A Phríomhoidí, a mhúinteoirí agus a bhaill foirne, a chairde,

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil libh as na hiarrachtaí tábhachtacha atá déanta agaibh chun leanúnachas teagaisc agus foghlama a sholáthar do dhaltaí uile na bunscoile ó dúnadh na scoileanna ag tús na géarchéime Cóivid-19. Tuigean an Roinn go raibh sé dúshlánach oideachas i dtimpeallacht ar líne a sholáthar. D'oibríomar go dlúth leis na comhpháirtithe san oideachas chun treoir agus tacaíocht a sholáthar daoibh i rith na tréimhse seo.

Sa litir uaim ar an 12 Meitheamh, léirigh mé daoibh an obair a bhí ar siúl chun cur chuige d'athoscailt na scoileanna don scoilbhliain nua a fhorbairt, i slí a chosnaíonn sábháilteacht agus sláinteachas na foirne agus na ndaltaí, trí straitéisí a chur i bhfeidhm chun an t-ionfhabhtú a chosc agus smacht a choinneáil air.

Tá sé mar aidhm ag an obair atá ar siúl againn, an t-ualach atá ar scoileanna a laghdú, trí treoir agus cáipéisíocht lárnach a fhorbairt i gcomhpháirtíocht dhlúth leis na pairtnéirí san oideachas. Tabharfaidh sé seo leanúnachas sa chur chuige thar réimse uile na roinne agus tabharfaidh sé an t-am is gá do scoileanna, tacú leis na daltaí agus iad ag fillleadh ar an oideachas san fhómhar.

Tuigim go maith go bhfuil fonn mór oraibh eolas a bheith agaibh maidir leis na socruithe d'athoscailt na scoileanna san fhómhar agus tá sé mar aidhm ag an litir seo, tuilleadh eolais a chur ar fáil agus ta súil agam go mbeidh sé úsáideach daoibh.

Beidh gá ag gach scoil Plean Freagartha Cóivid-19 a bheith acu do thús na scoilbhliana nua. Seolaim chugaibh leis seo **Dréacht Plean Freagartha Scoile Cóivid-19** in Aguisín 1. Déanfar tuilleadh leasuithe ar an bplan seo i rith an tsamhraidh leis na comhpháirtithe san oideachas agus eiseofar an leagan deiridh ansin, chuig na scoileanna go léir. Sa Dréachtphlean luaitear sonraí maidir le réimsí rithábachtacha a gcaithfidh scoileanna a bheith i bhfeidhm acu chun athoscailt le sábháilteacht agus ina measc:

- DRÉACHT - Ráiteas Polasaí Scoile Cóivid-19.

Leagann an polasaí seo béim ar thiomantas na scoile Plean Freagartha Cóivid-19 a chur i gcrích agus cabhrú le cosc a chur le scaipeadh an víris.

- Tuiscint agus eolas a bheith ag an scoil ar cad is Cóivid-19 ann agus na straitéisí a chaithfear a uchtú sa scoil chun ionfhabhtú a chosc.

Tá an cuid seo ag deileáil le siomptóim Cóivid-19 chomh maith leis na dea-chleachtais maidir le sláinteachas láimhe, riospráide agus scaradh fisiciúil. Tá an Roinn tar éis bheith ag obair go dlúth leis an FSS agus leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) chun treoir sláinte a fhorbairt atá curtha in oiriúint do riachtanais scoile agus tá an t-eolas seo á eisiúint againn inniu

chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna don athoscailt san fhómhar. Tá an nasc leis an sláinte phoiblí eadramhach a mholtar d'athoscailt na scoileanna ar fail anseo:

<https://www.education.ie/ga/covid-19/moltai-eatramhacha-d'athoscailt-scoileanna-agus-aiseanna-oideachais.pdf>

Leanfar leis an gcomhairle seo a leasú le treoir na seirbhíse sláinte phoiblí i gcoitinne agus beidh sé seo mar threoir ag an Roinn Oideachais agus iad ag soláthar leasuithe breise.

- Ag pleanáil agus ag ullmhú d'athoscailt na scoileanna

Leagann na ráitis pholasaí straitéisí amach ar gá a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt d'fhoirne agus do dhaltaí agus iad ag filladh ar scoil, agus san áireamh tá foirm athfhillte ar obair, measúnuithe riosca agus loga aimsithe teagmhálacha na scoile do chuairteoirí – tá teimpléid shamplacha díobh seo ar fáil sa dréachtphlean. Déanfar na samplaí seo a chríochnú, a aontú go lárnach agus a chur ar fáil do scoileanna.

- Traenáil Ionduchtaithe

Déanfaidh an Roinn ionduchtú traenála a fhorbairt a bheidh ar fáil d'fhoireann na scoile uile. Ullmhaíodh an nasc don chlár traenála sa dréachtphlean chun tacaíocht a thabhairt do na cláir samhraidh i scoileanna ach d'fhéadfadh sé bheith úsáideach, mar shampla, don traenáil a sholáthar ar athfhillteacht ar an scolaíocht. Tá sé ar intinn ag an Roinn chomh maith, ábhair threorach agus thacaíochta a sholáthar freisin do thuismitheoirí agus do dhaltaí.

- Glantachán/Sláinteachas

Aithníonn an Roinn go mbeidh gá le breis ghlantacháin chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna ionfhabhtú ón Cóivid-19 a chosc. Tá an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an riachtanas maoiniú a sholáthar mar thacú do na riachtanais ghlantacháin seo agus déanfar mioneolas air seo a sholáthar nuair a bheidh na socruithe déanta.

Tá socraithe ag an Roinn freisin creat a bhunú a chuirfidh ar chumas scoileanna maoiniú a fháil le haghaidh díghalrán láimhe a cheannach chun a úsáid sa scoil agus sna seomraí ranga. Tá tús curtha leis an bpróiseas soláthair don chreat seo cheana féin, agus tá sé ar intinn go mbeidh na hábhair seo ar fáil go luath i mí Lúnasa.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe san oideachas agus leis na páirtithe leasmhara uile ar an bplean chun na scoileanna a athoscailt don scoilbhliain 2020/21 agus é mar aidhm againn, an t-ualach ar scoileanna a laghdú ag an léibhéal áitiúil trí comhairle agus tacaíochtaí lárnacha a sholáthar chomh fada agus is féidir.

Le mórmheas,



Seán O' Foghlú
Ard-Rúnaí

Oifig an Ard-Rúnaí
Office of the Secretary
General

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 RC96.
Marlborough Street, Dublin, D01 RC96.
T +35318896400 | info@education.gov.ie

